Geilleagair a Dhícharbónú

Oide







Tagraíonn **dícharbónú** don phróiseas chun astaíochtaí dé-ocsaíd charbóin (CO_2) a laghdú agus aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin. Tagann formhór mór na n-astaíochtaí carbóin ó chúig earnáil: giniúint cumhachta, tionsclaíocht, iompar, foirgnimh, talmhaíocht, agus úsáid talún.

Straitéisí maidir le Dícharbónú

- **Cánacha carbóin a chur i bhfeidhm** chun laghdú astaíochtaí a dhreasú nó a spreagadh
- **Caighdeáin dhochta astaíochtaí a leagan síos** do thionscail, d'fheithiclí agus d'fhoirgnimh
- **Aistriú go fuinneamh in-athnuaite**: infheistíocht a dhéanamh i bhfoinsí fuinnimh gréine, gaoithe, uisce (hidrea-) agus foinsí fuinnimh in-athnuaite eile in ionad breoslaí iontaise
- **Teicneolaíochtaí agus nuálaíochtaí ísealcharbóin a chur chun cinn** ar fud earnálacha
- **Feasacht a ardú agus cleachtais inbhuanaithe a spreagadh** i measc daoine aonair agus pobail

Dúshláin

- **Bacainní eacnamaíocha agus sóisialta:** Éilíonn aistriú go geilleagar ísealcharbóin infheistíocht shuntasach agus d'fhéadfadh sé go gcuirfeadh tionscail agus pobail ina choinne
- **Beartas agus Rialachas**: Tá beartais éifeachtacha agus creataí rialachais ríthábhachtach chun aistriú cóir agus cothrom a chinntiú

Sochair

- Astaíochtaí gás ceaptha teasa laghdaithe agus cáilíocht an aeir feabhsaithe
- Poist agus deiseanna glasa a chruthú i bhfuinneamh in-athnuaite agus i dtionscail inbhuanaithe
- Sláinte phoiblí fheabhsaithe agus athléimneacht i leith tionchair aeráide

CC BY NC

Geilleagair a Dhícharbónú

Cuir chuige dhúlrabhunaithe

Caomhnú Foraoise agus Athfhoraoisiú

Foraoisí atá ann cheana a chosaint agus crainn nua a phlandú chun (CO_2) a ionsú ón atmaisféar. Tá Éire ag díriú ar fhoraoisiú agus ar bhainistíocht foraoisí

Athchóiriú bogaigh

Bogaigh a athchóiriú, amhail tailte portaigh, ar doirteal carbóin an-éifeachtach iad. Díríonn tionscadail cosúil leis an Straitéis Náisiúnta Tailte Móna ar thailte portaigh draenáilte a athfhliuchadh chun astaíochtaí a laghdú agus bithéagsúlacht a fheabhsú

Talmhaíocht Inbhuanaithe

Cleachtais amhail agrafhoraoiseacht agus curaíocht laghdaithe a oiriúnú chun sláinte ithreach a fheabhsú agus carbón a stóráil. Tá na cleachtais seo ag teacht le sprioc na hÉireann faoin bPlean um Ghníomhú ar son na hAeráide 2024

Spásanna Glasa Uirbeacha

Díonta glasa, páirceanna agus foraoisí uirbeacha a thabhairt isteach chun teas uirbeach a laghdú agus carbón a ghabháil

Cosaint Tuilte Cósta

Tá iarrachtaí ar siúl chun éiceachórais chósta a chosaint agus a athchóiriú, lena n-áirítear riasca salainn agus tá ról ríthábhachtach acu maidir le carbón a ghabháil agus a stóráil

Foinsí:

- https://www.oecd.org/en/publications/a-framework-to-decarbonise-the-economy_4e4d973d-en.html
- https://forestryservices.ie/reforestation-efforts-in-ireland-what-you-need-to-know/#:~:text=In%20response%20to%20global%20deforestation,million%20new%20saplings%20by%202040.
- https://www.npws.ie/sites/default/files/general/Final%20National%20Peatlands%20Strategy.pdf
- https://www.gov.ie/en/publication/79659-climate-action-plan-2024/
- https://www.fisheries.noaa.gov/national/habitat-conservation/protecting-coastal-blue-carbon-through-habitat-conservation

CC BY NC